**Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(2023/C 96/10)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

DOICIMÉAD AONAIR

**"Powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły"**

**Uimh. AE: PGI-PL-02811 — 9.11.2021**

**STFC ( ) TGFC (X)**

1. **Ainm nó ainmneacha TGFC**

"Powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły"

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Pholainn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

3.1. *Cineál táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is as torthaí aibí an phluma prúna choitinn (*Prunus domestica* L.), cineál "Węgierka Zwykła", a dhéantar "Powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły", torthaí a dhéantar a shuanbhruith go dtí go ndéantar meascán tiubh donn dorcha díobh.

Maidir le raimhre "Powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły", tá sé cosúil le meascán torthaíoch tiubh ina bhfuil píosaí craicinn ar a bhfuil dromchla lonrach atá níos soladaí. Tá dath dorcha air agus fordhath burgúnach, tá sé níos éadroime laistigh de agus is féidir píosaí de chraiceann pluma corcra a fheiceáil ann. Bíonn blas beagán milis agus searbh air, agus blasanna searbhais ag teacht ón gcloch. Tá dea-bholadh torthaíoch air, dea-bholadh de phlumaí den chuid is mó, ina bhfuil ruainnín caramail agus deataigh.

Ní chuirtear aon siúcra breise le "Powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły", níl ann ach na siúcraí a fhaightear go nádúrtha sna torthaí. Tá méid iomlán siúcra 40 g in aghaidh an 100 g de tháirge ann, agus féadfaidh sin athrú faoi +/— 20 %.

Is é 40 % Brix cion na solad atá ann, agus féadfaidh sin athrú faoi +/— 20 %.

Is tríd an gcócaireacht a fhaightear an meascán an-tiubh "Powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły", a bhfuil raimhre bog agus inleata aige. Ní fhéadfar níos lú ná 3 kg plumaí a úsáid chun 1 kg den táirge críochnaithe a dhéanamh.

Margaítear an táirge deiridh i bprócaí gloine a bhfuil claibín miotail orthu. Déantar an táirge a phaistéaradh.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

Táirgtear "Powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" go heisiach le torthaí an phluma prúna choitinn (*Prunus domestica* L.), cineál "Węgierka Zwykła". I gcás na mbaisceanna uile de "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły", ní mór íosmhéid 75 % de na torthaí a úsáidtear sa táirge a theacht ón limistéar geografach atá sainithe i bpointe 4 d'fhonn an caighdeán a choinneáil ar bun. Ar an gcéad dul síos, ní mór do tháirgeoirí amhábhar ón limistéar geografach sin a úsáid.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

A bhuí leis na dálaí aeráide a dtugtar tuairisc orthu i bpointe 5, is saintréith de na torthaí a tháirgtear sa limistéar a shainítear i bpointe 4 méid siúcra nádúrtha atá níos airde ná méid an tsiúcra nádúrtha sna torthaí a fhástar lasmuigh den limistéar, rud atá le feiceáil i gcáilíocht an táirge deiridh. I gcás ina bhfuil ganntanas amhábhair ón limistéar sainithe, féadfaidh táirgeoirí uasmhéid 25 % de thorthaí ó lasmuigh den limistéar a úsáid in aon bhaisc ar leith, gan cáilíocht "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" a chur i mbaol.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Na céimeanna uile i dtáirgeadh "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły", ní mór iad a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe, is iad sin:

— foinsiú an amhábhair (75 % ar a laghad)

— ullmhú an choire copair

— ullmhú an tinteáin

— suanbhruith na suibhe plumaí

— scagadh na suibhe plumaí (baint na gcloch).

3.5. *Rialacha sonracha maidir le slisniú, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór "Powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" a phacáistiú agus a phaistéaradh sa limistéar geografach sainithe ós rud é gur féidir leis an táirge a bheith éillithe nuair a iompraítear é, agus ar an gcaoi sin cáilíocht an táirge a laghdú. Ní féidir an meascán a iompar go dtí go bhfuaraíonn sé. Mar sin féin, a luaithe a fhuaraíonn sé, éiríonn sé an-tiubh, rud a fhágann go mbíonn sé deacair é a phacáil sna prócaí. Thairis sin, dá ndéanfaí an meascán a atéamh d'fhéadfaí é a dhó. Da bhrí sin, déantar an tsubh plumaí a phacáistiú i bprócaí sa limistéar geografach sainithe ag teocht níos airde, agus ar an gcaoi sin bíonn an próiseas pacáistithe níos éasca agus seachnaítear boilgeoga aeir nach bhfuil gá leo. Dá ndéanfaí an próiseas pacáistithe lasmuigh den limistéar geografach, bheadh baol ann go ndéanfaí "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" a chumasc le plumaí eile de cháilíochtaí éagsúla.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór do tháirgeoirí uile "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" lógó coiteann (figiúr 1) a úsáid ar an bpacáistíocht (claibín próca). Is é Cuibhreannas Tháirgeoirí Suibhe Plumaí Ghleann Íochtarach na Viostúile a chuireann an lógó seo ar fáil lena úsáid ag táirgeoirí ar bhealach nach ndéantar idirdhealú i gcoinne táirgeoirí nach comhaltaí iad.

## 4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá an limistéar ina dtáirgtear "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" suite i nGleann Íochtarach na Viostúile, i.e cúige Kujawsko-Pomorskie, sna ceantair seo a leanas: Ceantar Bydgoszcz (bardais: Dąbrowa Chełmińska, Osielsko, Dobrcz, Fordon – Ceantar Cathrach Bydgoszcz), Ceantar Chełmno (bardais: baile Chełmno, bardas tuaithe Chełmno, Unisław, Kijewo Królewskie, Stolno), Ceantar Grudziądz (bardais: baile Grudziądz, bardas tuaithe Grudziądz, Rogóźno), Ceantar Świecie (bardais: Pruszcz, Świecie, Dragacz, Jeżewo, Warlubie, Nowe) agus cúige Pomorskie, sna ceantair seo a leanas: Ceantar Kwidzyn (Kwidzyn, Sadlinki, Ryjewo), Ceantar Sztum (bardas: Sztum) agus Ceantar Tczew (bardais: Pelplin agus Gniew).

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc idir "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" agus an réigiún bunaithe ar a cháil, cáil a tuilleadh i ngeall ar thraidisiún fada táirgthe, ar cháilíocht shonrach na n-amhábhar a úsáidtear sa táirge, agus ar scil eisceachtúil na dtáirgeoirí áitiúla.

A bhuí le dálaí sonracha na hithreach agus na haeráide i nGleann Íochtarach na Viostúile, tháinig forbairt ar an bhfeirmeoireacht torthaí. Ó bhí an 18ú haois ann, is é an pluma prúna choitinn (*Prunus domestica* L.), cineál "Węgierka Zwykła", an príomhchineál, agus is saintréithe den éicitíopa áitiúil iad a fhrithsheasmhacht in aghaidh drochdhálaí aeráide agus galar agus an méid ard siúcra atá ann.

Sa limistéar geografach, tá ithreacha siolta (lós), dúrabhán éadrom, cineálacha éagsúla de dhúrabhán gainmheach agus flúiveasail scaoilte ina bhfuil cion ard copair, rud lena n-áirithítear táirgeacht fhlúirseach, cion aigéid níos airde agus caraiténóidigh sna torthaí. Tarlaíonn an t-earrach feineolaíoch 1,5 go 2 sheachtain níos luaithe sa limistéar, rud a chuireann síneadh leis an séasúr fáis agus, mar thoradh air sin, a mhéadaíonn méid an tsiúcra nádúrtha i dtorthaí aibí. I ngeall ar an mbáisteach theoranta i nGleann Íochtarach na Viostúile, bíonn crainn plumaí prúna "Węgierka Zwykła" faoi réir easnamh uisce agus, dá bhrí sin, strus ocsaídiúcháin. Cuireann an planda srian ar fhás torthaí, rud a fhágann go mbíonn tiúchan siúcraí, vitimíní, polaifeanól, snáithín agus mianraí sna torthaí, agus táirgeann sé caraiténóidigh agus aigéad ascorbach.

Tá an cion copair sna hithreacha i nGleann Íochtarach na Viostúile níos airde i gcomparáid leis an airmheán náisiúnta. I ngeall ar an gcopar a bheith san ithir, méadaítear cáilíocht agus cainníocht fhómhair na bplumaí prúna "Węgierka Zwykła" agus méadaítear frithsheasmhacht na gcrann plumaí in aghaidh galair bhaictéaracha agus galair fhungasacha. Dá bhrí sin, ní gá spraeáil cheimiceach bhreise a dhéanamh ar úlloird i nGleann Íochtarach na Viostúile, i gcomparáid le crainn plumaí prúna atá ag fás i réigiúin eile.

A bhuí le cáilíocht shonrach agus le cainníocht mhór na n-amhábhar a úsáidtear chun 100 g de "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" a dhéanamh, agus i ngeall ar an bpróiseas fada suanbhruite, tá méid níos airde siúcra nádúrtha sa táirge ná mar atá i subha plumaí neamh-mhilsithe eile.

Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir "Powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" agus subha plumaí eile ar an margadh sa mhéid is go ndéantar é le beagnach dhá oiread an mhéid amhábhair ná an t-íosmhéid a leagtar síos sa dlí (úsáidtear 3 kg de thorthaí chun 1 kg de "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" a tháirgeadh).

Ina theannta sin, trí "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" a shuanbhruith in éineacht leis na clocha pluma ar feadh roinnt uaireanta an chloig, tugtar searbhas sainiúil dó, searbhas nach bhfaightear i subha plumaí eile.

Leis an limistéar plandaithe, atá mór go stairiúil i gcomparáid le réigiúin eile sa Pholainn, agus leis an táirgeacht ard ó na crainn plumaí prúna "Węgierka Zwykła", cuireadh le fás na próiseála sa limistéar. Ceann de na modhanna is sine atá ann chun plumaí a leasú is ea na plumaí a fhiuchadh go dtí go ndéanfar laíon díobh agus iad a ramhrú trí ghalú i gcoirí téite. Tá taifid ann ón 16ú haois ar thorthaí agus iad á bpróiseáil ar an mbealach seo. Tugadh *powidła* [subh plumaí] ar an táirge a eascraíonn as. Sna suirbhéanna allamuigh a rinne foireann Mhúsaem na hEitneagrafaíochta in Toruń, i nGleann Íochtarach na Viostúile, deimhníodh gur ann do líon mór foirgneamh a úsáideadh mar sheideanna triomúcháin le haghaidh torthaí, áit inarbh iad na tinteáin an fhoinse téimh, agus bhí áit ann chun coirí a chur d'fhonn subh plumaí a dhéanamh, rud a chruthaíonn gur úsáideadh na foirgnimh sin chun na críche sin freisin. D'úsáidtí plumaí prúna "Węgierka Zwykła" chun subh plumaí a dhéanamh don teaghlach ar fad, agus dhíoltaí an barrachas sna margaí i gcathracha móra an réigiúin (e.g. Świecie agus Bydgoszcz). Chuirtí subh plumaí agus torthaí ar snámh síos Abhainn na Viostúile nó d'iompraítí le cairteacha capaill iad chomh fada le calafort Gdańsk.

Baineadh úsáid as an bpluma prúna choitinn "Węgierka Zwykła" chun "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" a tháirgeadh toisc gur shaintréith d'éicitíopa áitiúil an réigiúin í an fhrithsheasmhacht ard in aghaidh drochdhálaí aeráide agus galar, agus toisc go scaradh bia an phluma go héasca ón gcloch le linn an phróisis suanbhruite. Chuidigh na clocha le dó a chosc agus chuir siad an beagán searbhais is saintréith dó le blas na suibhe plumaí. Ag deireadh an phróisis suanbhruite, d'úsáidtí síothláin cré speisialta arna dtáirgeadh ag potadóirí – arbh as Gruczno ar Abhainn na Viostúile (i nGleann Íochtarach na Viostúile) don photadóir ab iomráití – chun na clocha a scaradh ó mheascán na dtorthaí. Chuirtí an tsubh ba thoradh air sin i bpotaí cré ansin agus dhéantaí í a bhácáil in oighinn aráin. A luaithe a bhí craiceann bácáilte ar dhromchla na suibhe plumaí, dhéantaí na potaí a bhaint agus a stóráil i siléir fhionnuara. Trí "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" a ullmhú ar an mbealach seo, d'fhéadfaí é a stóráil ar feadh suas le 2 bhliain ó dháta a tháirgthe, gan a bhlas a chailleadh.

Tar éis an Dara Cogadh Domhanda, cuireadh toirmeasc ar phróiseáil phríobháideach plumaí prúna. Ba é an gléasra in Fordon (atá anois ina cheantar de Bydgoszcz) an faighteoir a fuair an méid is mó de phlumaí prúna, agus ba é subh plumaí a phríomhtháirge. I gcás áitritheoirí Ghleann Íochtarach na Viostúile, bhí fás torthaí tábhachtach ó thaobh an gheilleagair de, ní hamháin i ngeall ar an miocraeráid fhabhrach, ach chomh maith leis sin i ngeall ar an éileamh ar phlumaí prúna ón ngléasra próiseála in Fordon agus ó bhialanna sa cheantar áitiúil, agus ar a gaire atá sé do bhealach trádála na Viostúile. Tá radharc na gcoirí copair (Polainnis: *kocioł kuprowy*, ón Laidin *cuprum*: copar), na gcorraitheoirí (Polainnis: *bocian*) agus na dtinteán anois ina ghné bhuan de thírdhreach na sráidbhailte máguaird.

Rinneadh tráchtas Ph.D., a cuireadh i gcrích in Ollscoil Cornell, ar tháirgeadh na suibhe plumaí i nGleann Íochtarach na Viostúile dar teideal *Stirring the pot in Poland: traditional plum jam, regional identity, and rural development in the Lower Vistula Valley*. Léiríodh i dtorthaí taighde go saothraíonn áitritheoirí na mbardas i nGleann Íochtarach na Viostúile cineálacha plandaí traidisiúnta go díograiseach, agus go gcuireann a ngníomhaíochtaí le caomhnú na bithéagsúlachta agus le cosaint shaintréith shonrach an limistéir gheografaigh, a múnlaíodh thar na céadta blianta.

Ina theannta sin, léiríodh i dtaighde a rinneadh in Ollscoil Kazimierz Wielki in Bydgoszcz ina ndearnadh anailís ar oidhreacht na cócaireachta agus ar fhorbairt na turasóireachta, léiríodh go bhfuil, an táirge fáis torthaí,"powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły", dáiríre, ina bhranda le haghaidh Ghleann Íochtarach na Viostúile.

Tá táirgeadh "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" fós tábhachtach don phobal áitiúil go dtí an lá atá inniu ann. Deimhnítear an méid sin ós rud é gur féidir an táirge a fháil ag aontaí agus ag an iliomad taispeántas de tháirgeadh na suibhe plumaí, áit ar féidir é a bhlaiseadh agus a cheannach freisin. I measc na gceann sin atá suntasach, tá Święto Śliwki (Féile Plumaí), atá á reáchtáil in Strzelce Dolne ó bhí 2001 ann, agus tá an-tóir ar an imeacht. Laistigh de chúpla bliain, bhí na mílte cuairteoirí ó gach cearn den Pholainn á mealladh chuig an bhféile. Is imeacht 2 lá é Święto Śliwki anois, agus tugann iriseoirí "príomhchathair plumaí na Polainne" ar Ghleann Íochtarach na Viostúile. Tá an t-imeacht á chur chun cinn saor in aisce ag an stáisiún teilifíse áitiúil, TVP Bydgoszcz, agus ag PIK, an brainse áitiúil de Polskie Radio, an craoltóir raidió stáit, ar feadh 20 bliain. Cuimsíonn Oifig an Mhaoir i gCúige Kujawsko-Pomorskie tagairtí don imeacht seo i dtaca le "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" in ábhar cur chun cinn le haghaidh turasóirí.

Neart alt sa phreas áitiúil agus náisiúnta, tagairtí i leabhair ina dtugtar tuairisc ar thraidisiúin an réigiúin agus duaiseanna éagsúla a buadh i gcomórtais, is fianaise iad ar an ardmheas atá ar "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły". Tugtar branda áitiúil aitheanta ar "Powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" i bhfoilseacháin Chomhlachas na Polainne um Tháirgí Réigiúnacha agus Áitiúla. Bhuaigh "Powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" an chéad duais faoi dhó ina chatagóir ag gradaim Nasze Kulinarne Dziedzictwo (Ár nOidhreacht Cócaireachta). Le blianta fada anuas, cuireadh "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" chun cinn in ábhair Natura 2000 mar mhodh próiseála traidisiúnta i nGleann Íochtarach na Viostúile, agus in ábhair arna dtáirgeadh ag an gCiste Náisiúnta um Chaomhnú an Chomhshaoil agus um Bainistiú Uisce chomh maith. Chun oidhreacht an táirge a chaomhnú, bhailigh Músaem na hEitneagrafaíochta in Toruń ábhar stairiúil a bhaineann le subh plumaí agus saothrú plumaí i nGleann Íochtarach na Viostúile, ábhar a d'eisigh sé in 2020 ar dhlúthdhiosca dar teideal *Smażenie powideł metodą tradycyjną* (táirgeadh suibhe plumaí ar an mbealach traidisiúnta), mar chuid dá chosaint ar an oidhreacht dholáimhsithe. Is tionscadal oideachais é an tionscnamh seo a bhfuil eitneagrafaithe agus táirgeoirí "powidła śliwkowe z Doliny Dolnej Wisły" páirteach ann, ar mian leo dul i bhfeidhm ar an líon is mó is féidir de chónaitheoirí agus scoileanna áitiúla – áit a gcuirtear an tionscadal i láthair le linn na gceachtanna – chun traidisiún tháirgeadh na suibhe plumaí a choinneáil beo.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta**

https://www.gov.pl/web/rolnictwo/wnioski-przekazane-komisji-europejskiej